**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ MÁIRT, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

STAMPA AN IONAID

SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA

**FREAGAIR GACH:CEIST 1, 2, 3, 4, 5 agus 6.**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR LE DO THOIL**

**1. PICTIÚIR**
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir – A, B agus C – a ghabhann leis an bpáipéar agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeántar cloigtheach i gContae Aontroma i bPictiúr A.*

(i) Tabhair cúis **amháin** a raibh cloigthithe suite in áiteanna iargúlta.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………...(1)

(ii) Tabhair **dhá** chúis ar tógadh cloigthithe den chineál sin.

..……………………………………………………………………………………………..

..…………………………………………………………………………………………….(2)

(iii) Cén fáth a raibh an doras suite chomh hard sin ón talamh, dar leat?

……………………………………………………………………….............................................

…………………………………………………………………………………………...(2)

(*b)* **PICTIÚR B**

*I bPictiúr B taispeántar seandálaí ag obair ar láthair tochailte*.

(i) Luaigh deacracht **amháin** a bhíonn ag seandálaithe nuair a bhíonn láthair á tochailt acu.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………... (1)

(ii) Ainmnigh **dhá** uirlis a úsáideann seandálaithe.

..……………………………………………………………………………………………..

..…………………………………………………………………………………………….(2)

(iii) Mínigh modh **amháin** a úsáideann seandálaithe chun dátaí a chur le déantáin a fhaightear as a gcuid tochailte.

..……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………... (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*I bPictiúr C taispeántar ceannaire a bhain leis an gcoimhlint ar son shaoirse na hÉireann, 1919 – 1922.*

(i) Ainmnigh an ceannaire sin.

…………………………………………………………………………………………...(1)

(ii) Luaigh bealach tábhachtach **amháin** inar chuidigh sé le Cogadh na Saoirse.

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………. (2)

(iii) Cén fáth ar mharaigh a chomh-Éireannaigh é?

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………. (2)

## 2. DOICIMÉID
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Agallaimh atá sna sleachta seo a rinneadh le páistí a bhí ag obair i monarchana i Sasana i rith na Réabhlóide Tionsclaíche.*

(i) Cén fáth ar dúradh le Sarah a lámh a leagan ar an séala de chapall dearg agus cros a dhéanamh?

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (1)

(ii) Cad é an cothú a tugadh dóibh uair sa bhliain sa mhuileann?

……………………………………………………………………………………………….. (1)

(iii) Cé mhéad airgid a fuair sí le caitheamh sa bhliain?

……………………………………………………………………………………………….. (1)

(iv) Cén fáth, dar leat, nár theastaigh ón máistir go mbeadh a fhios ag na hoibrithe cén t-am é?

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(v) Ón staidéar atá déanta agat ar an tréimhse seo, luaigh **dhá** fhadhb eile a bhí le sárú ag oibrithe na monarchan.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sa sliocht seo déantar cur síos ar easaontas idir trúpaí ionsaithe Naitsíocha agus a gcuid naimhde polaitíochta c.1932.*

(i) Cén fhianaise atá ann gur theastaigh ó bhuíon na Léinte Donna an slógadh Naitsíoch a chosaint, ba chuma céard a tharlódh?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(ii) Cén fháilte a bhí ag an slua lasmuigh de halla an chruinnithe roimh bhuíon na Léinte Donna?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Cén chaoi ar éirigh le buíon na Léinte Donna a mbealach féin a fháil laistigh de halla an chruinnithe?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Tabhair **dhá** chúis a raibh na Naitsithe go mór i mbéal an phobail sna 1920idí agus sna 1930idí.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………. (2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Cad is déantán ann? Tabhair sampla.

Déantán: ……………………………………………………………………………………..

Sampla: ....…………………………………………………………………………………(2)

(ii) Mínigh an bhrí atá le **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

*Uaimh thalún;* *Fulacht fia;* *Tánaiste;* *Dearbhfhine.*

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** fhéile thábhachtacha Cheilteacha.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Lauigh **dhá** thoradh thábhachtacha a bhí ar theacht na Normannach go hÉirinn.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(v) Ainmnigh **dhá** sheirbhís a chuir na mainistreacha ar fáil don phobal áitiúil sa Mheánaois.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(vi) Cén fáth a raibh an oiread sin tóir ar spíosraí sa Mheánaois?

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(vii) Maidir le tógáil loingis agus le loingseoireacht, luaigh **dhá** fhorbairt a d'fhág ar chumas na mairnéalach aistir fharraige níos faide a dhéanamh sa 15ú agus 16ú aois.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(viii) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** as tír éigin **LASMUIGH** den Ghearmáin agus **ceann amháin** dá phointí creidimh.

Leasaitheoir:……………………………………………………………………………...

Pointe creidimh: ……………………………………………………………………......(2)

(ix) Tabhair **dhá** chúis le tábhacht an chlóphreasa le linn thréimhse an Renaissance.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(x) Tabhair **dhá** iarmhairt a bhí ag an Reifirméisean ar Éirinn.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xi) Ainmnigh **dhá** rialtóir Bhriotanacha a d'ordaigh plandálacha a bhunú in Éirinn.

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xii) Cad a bhí i Réim an Uafáis sa Fhrainc sna 1790idí?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xiii) Maidir le hÉirí Amach 1798 in Éirinn, cén contae inar tharla an troid ba mhó ar son na cúise?

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xiv) Mínigh conas a chuir duine **amháin** díobh seo a leanas feabhas ar shaol na ndaoine sa naoú haois déag:

*Robert Owen;* *Louis Pasteur;* *John McAdam.*

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xv) Ainmnigh bunaitheoir Shinn Féin i 1905.

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xvi) Tabhair **dhá** chúis a raibh Éire neodrach i rith na hÉigeandála, 1939-1945.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xvii) Cad a tharla Oíche na Sceana Fada, 1934?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xviii) Luaigh tionscnamh náisiúnta **amháin** a chuir an Dr Noel Browne chun cinn mar Aire Sláinte.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xix) Cén chaoi ar chuir T.K. Whitaker le saol na hÉireann sna 1960idí?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xx) Ainmnigh bunaitheoir Pháirtí na nAontachtaithe Daonlathacha.

…………………………………………………………………………………………….. (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Duine a raibh cónaí air/uirthi i Sibhialtacht Ársa **LASMUIGH** d'Éirinn. (20)

(ii) Mairnéalach i mbun aistir farraige i rith Aois na bhFionnachtana. (20)

(iii) Plandóir a chuir faoi i bPlandáil Éireannach a **ainmníonn** tú. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Duine de lucht leanúna ceannaire réabhlóidigh a **ainmníonn** tú, i rith na tréimhse 1770-1803. (20)

(ii) Oibrí feirme i rith na Réabhlóide Talmhaíochta. (20)

(iii) Ceannaire a **ainmníonn** tú a bhí páirteach i gceann de na géarchéimeanna le linn teacht i dtreis na nOllchumhachtaí (Imshuí Bheirlín; Cogadh na Cóiré; Géarchéim na nDiúracán i gCúba). (20)

**NÓ**

Ceannaire a **ainmníonn** tú sa choimhlint ar son shaoirse na hAfraice nó na hÁise tar éis 1945. (20)

**NÓ**

Ceannaire a **ainmníonn** tú sa ghluaiseacht ar son na hAontachta Eorpaí idir 1945 agus 1992. (20)

**5.** **AN TUATH IN ÉIRINN c. 1850** (30 marc)

Sleachta as "*Famine Echoes*" in eagar ag Cathal Póirtéir. Gill & Macmillan (1995).
As agallaimh a rinne Coimisiún Bhéaloideas Éireann sna 1930idí agus sna 1940idí a tógadh iad.

## FOINSE D

*J O'Kane, Scoil Náisiúnta, an Droim Mór Thiar, Co. Shligigh.*

An bánú ar an daonra a tharla sa cheantar seo, i rith na mblianta 1845 – 1855 nó mar sin, chomh fada is a thuigim, tá sé beagnach dochreidte. Ba é an imirce ba mhó ba chúis leis an mbánú, i bhfad níos mó ná bás na ndaoine leis an ocras, cé go ndearna an t-ocras scrios i ngach ceantar anseo agus go deimhin i ngach baile fearainn. Chun breith mheasartha a thabhairt déarfainn an méid seo, gur ídíodh idir dhá thrian agus ceithre chúigiú, idir óg agus aosta, sna deich mbliana 1845-1855 de thoradh an bháis, go háirithe an bás leis an ocras, ach ba é an imirce ba mhó ba chúis leis an ídiú. I mbaile fearainn Belville in aice le teach tábhairne Bhean Sheoighe, scriosadh sráidbhaile iomlán. Is féidir fothracha deich dteach ar a laghad a chomhaireamh. Chun an fhírinne a rá, nuair a tháinig mé anseo cúig bliana is tríocha ó shin, ba é an rud ba neamhchoitianta agus ba mhó a chuir as dom ná an méid tithe cónaithe sa cheantar a bhí ina bhfothracha.

Dúradh liom i gcónaí gur faoi choim a d'fhág na himircigh an baile le dul ar bord loinge i Sligeach i lár na hoíche. Sa deireadh chuir mé an cheist: cén fáth i lár na hoíche? Cén fáth nach le solas an lae a d'imigh siad? Dúradh liom dá n-imeoidís le linn an lae agus a fhios sin a bheith ag an tiarna talún, go mbeadh an baol ann go mbéarfadh sé orthu agus ar a gcuid airgid agus ar gach uile rud a bhain leo, sa chaoi go mbeidís níos measa as ansin ná an chéad lá riamh. Ní bheidís in ann maireachtáil sa bhaile agus ní bheadh sé ar a gcumas dul thar sáile.

## FOINSE E

*Máighréad Ní Dhonnabháin, a rugadh in 1866, Droim dá Liag, Co. Chorcaí.*

De thoradh an Ghorta briseadh a lán teaghlach de chuid na háite seo as a chéile. Na tairiscintí taitneamhacha chun dul ar imirce ba mhó ba chúis leis seo. Is é an t-ainm a thugtaí air sin ná "Imirce Shaor". Éinne a d'fhág bhí punt le híoc aige/aici agus thug Rialtas Shasana an chuid eile. Glacadh go fonnmhar leis seo ar feadh na mblianta i ndiaidh an Ghorta agus dá bharr ba iad na daoine óga sa teaghlach a d'imigh. Nuair a bhíodar go maith as, d'áitíodar ar na tuismitheoirí imeacht. Théidís go Meiriceá nó go dtí an Astráil de ghnáth. Tharla sé go minic sna ceantair bhochta shléibhtiúla in Iarthar Chorcaí nach raibh fágtha ach na tuismitheoirí aosta chun an áit bheag chónaithe a choimeád. Ba mhinic nach raibh siad ábalta an cíos a íoc ach amháin go bhfuair siad cabhair ón gcoigríoch agus mar gheall air sin ba mhinic a bhíodh díshealbhú ann. Ba bheag an mhaitheas formhór na dtiarnaí talún do na daoine bochta a bhí thíos leis. Ba mhinic a thógadar uathu an t-aon bhó amháin nó an gabhar a bhíodh acu agus nach raibh de thaca acu ach iad. Dá mbeadh amhras ann go raibh airgead á fháil ag an teaghlach ó Mheiriceá, is cinnte go n-ardófaí an cíos, sa chaoi nach mbeadh aon seans ag na daoine bochta.

**A. Foinse D**

(i) Cén chúis ba mhó a bhí leis an laghdú daonra, dar leis an údar? (2)

(ii) Cén tionchar a bhí ag an laghdú daonra ar cheantar an Droma Mhóir Thiar, dar leis an údar? (4)

(iii) Tabhair **dhá** chúis le rogha na ndaoine imeacht i lár na hoíche. (4)

**B. Foinse E**

(i) Luaigh **dhá** shampla de thionchar na himirce ar phobal iarthar Chorcaí. (4)

(ii) "Ba bheag an mhaitheas formhór na dtiarnaí talún do na daoine bochta a bhí thíos leis." Tabhair **dhá** phíosa fianaise a thacaíonn leis an ráiteas sin. (4)

**C.** Scríobh cuntas ar **cheann amháin** de na topaicí seo a leanas:

(i) Tionchar an Ghorta Mhóir ar shochaí na hÉireann tar éis 1850.

(ii) Na deacrachtaí a bhí le sárú ag imircigh Éireannacha thar lear i ndiaidh an Ghorta Mhóir.

(iii) Na difríochtaí idir saol na ndaoine faoin tuath in Éirinn agus an saol sna ceantair thionsclaíocha i Sasana thart ar 1850.

(12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D**. (60 marc)

## (A) AN MHEÁNAOIS, 1100-1500

(i) Mínigh an bhrí atá le **dhá** cheann de an téarmaí seo a leanas:

*Tearmann; Ab; Deachú; Clabhstra.* (4)

(ii) Luaigh **trí** bhealach inar cosnaíodh caisleáin sa Mheánaois. (6)

(iii) Cad iad na fadhbanna a bhí le sárú ag na daoine a raibh cónaí orthu sna bailte sa Mheánaois? (8)

(iv) Scríobh cuntas ar shaol agus ar oiliúint ceardaí i mbaile mór sa Mheánaois. (12)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Ainmnigh **trí** athrú atá tar éis teacht ar an saol faoin tuath ó 1945 i leith. (2x3)

(ii) Tabhair **trí** chúis go bhfuil an daonra tar éis méadú go mór i réigiún Bhaile Átha Cliath ó na 1960idí i leith. (2x3)

(iii) Déan cur síos ar **thrí** athrú ar an tithíocht in Éirinn ó 1945 i leith. (2x3)

(iv) Cad iad na príomhathruithe ar chúrsaí oibre ó 1945 i leith? (12)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas:

*Na Neamhrialtaigh; na B-Speisialtaigh; Comhrialtas; An Éigeandáil; Stádas Tiarnais.* (2x3)

(ii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*(a)* Frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath.

*(b)* An Cogadh Cathartha, 1922-23.

*(c)* An Caidreamh idir Rialtas na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe, 1932-1939.

*(d)* Na 1950idí in Éirinn.

*(e)* Terence O'Neill. (12x2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

*(a)* An Iodáil faoi Mhussolini anuas go dtí 1939.

*(b)* An Bhreatain idir an dhá chogadh dhomhanda.

*(c)* An tAontas Sóivéadach faoi Stailín anuas go dtí 1939. (12)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

*(a)* Ionradh na Polainne, 1939.

*(b)* Cath Stalingrad, 1942-43.

*(c)* Titim Bheirlín, 1945. (12)

(iii) Tabhair **trí** chúis leis an easaontas san Eoraip ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda. (6)